COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

# RÁITEAS STRAITÉISE
# 2024 - 2026

COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ
LAW REFORM COMMISSION

BROLLACH ........ 1

RÁITEAS MISIN ........ 2

FORBHREATHNÚ AR AN gCOIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ ........ 3

TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN ........ 5

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ ........ 8

PRÍOMHCHUSPÓIR 1 ........ 9

ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ ........ **9**

Toradh ........ **9**

Táscairí Feidhmíochta ........ **9**

Straitéis ........ **9**

PRÍOMHCHUSPÓIR 2 ........ 10

TAIGHDE DLÍ ........ **10**

Toradh ........ **10**

Táscairí Feidhmíochta ........ **10**

Straitéis ........ **10**

PRÍOMHCHUSPÓIR 3 ........ 12

ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT ........ **12**

Toradh ........ **12**

PRÍOMHCHUSPÓIR 4 ........ 15

RIARACHÁN ........ **15**

Toradh ........ **15**

Táscairí Feidhmíochta ........ **15**

Straitéis ........ **15**

NÓTA ........ **16**

PRÍOMHCHUSPÓIR 5 .......... 17

CUMARSÁID AGUS FOR-ROCHTAIN .......... **17**

Toradh .......... **17**

Táscairí Feidhmíochta .......... **17**

Straitéis .......... **17**

SOCRUITHE FAIREACHÁIN .......... 18

## BROLLACH

Thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, tá áthas orm an Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2024 - 2026 a chur i láthair.

Sainaithnítear sa Ráiteas seo na luachanna agus na cuspóirí a bheidh ag an gCoimisiún agus na straitéisí a shaothróimid chun gur féidir linn na cuspóirí atá againn a bhaint amach, an sainordú reachtúil atá againn a chomhlíonadh agus freastal ar na feidhmeanna atá againn maidir lena chinntiú go mbeidh dlíthe na hÉireann oiriúnach do Stát nua-aimseartha agus go mbeidh siad inrochtana do chách.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na príomhchuspóirí a bheidh lenár gcuid oibre le linn na dtrí bliana dá chreat ama, is iad sin na tionscadail taighde um athchóiriú an dlí atá fágtha inár gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí a chur i gcrích agus na tionscadail atá inár gCúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí a chur i gcrích a mhéid is féidir nó dul chun cinn suntasach a dhéanamh ina leith ar shlí eile. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an gCúigiú Clár i samhradh na bliana 2023. Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú sin, ar seoladh é le toiliú agus ceadú an Ard-Aighne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur ghá dó scor de roinnt tionscadal ar mhaithe leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ár gcuid acmhainní. Foilsíodh an toradh iomlán ar an athbhreithniú sin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. A bhuí leis an athbhreithniú sin agus le cuíchóiriú an Chúigiú Clár, is comhaimseartha agus iomchuí go fóill atá clár oibre taighde an Choimisiúin.

Leanfaidh an Coimisiún lenár gcuid oibre um Rochtain ar Reachtaíocht agus forbróidh sé an obair sin tuilleadh, lena n-áirítear an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil. Leanfaimid le cur chuige digiteach trí dhearadh a chur i bhfeidhm agus ár gcuid oibre um Rochtain ar Reachtaíocht á forbairt againn.

Leanfar le hathbhreithniú agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar mhodhanna oibre agus modheolaíocht an Choimisiúin ionas go gcuirfear feabhas ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthraíonn an Coimisiún don phobal.

Leanfaimid leis an gCoimisiún a fhorbairt mar ionad barr feabhais taighde. Leanfaimid le ceangail a fhorbairt chun treisiú leis an nasc atá ag an gCoimisiún leis an bpobal, leis an tsochaí shibhialta agus le príomh-gheallsealbhóirí eile. Féachfaimid freisin lena chinntiú gur praiticiúil, iomchuí, bunaithe ar réitigh agus dírithe ar úsáideoirí deiridh na reachtaíochta a bheidh na foilseacháin ón gCoimisiún i réimse athchóiriú an dlí.

Tá muinín ag an gCoimisiún gurb é an toradh a bheidh ar an straitéis atá sainaitheanta sa Ráiteas seo go gcuirfear ar ár gcumas leanúint le seirbhís chuimsitheach a sholáthar don phobal agus don Stát tríd an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaon agus saineolach, trí mholtaí leanúnacha a dhéanamh le haghaidh athchóiriú an dlí agus trí fhéachaint leis an reachtaíocht reatha a dhéanamh inrochtana ar líne do gach duine.

Comóradh 50 bliain rith an Achta lenar bunaíodh an Coimisiún a bheidh sa bhliain 2025, agus reáchtálfaimid imeachtaí agus tionscnaimh speisialta chun é sin a cheiliúradh.

An Breitheamh Onórach Frank Clarke, Uachtarán

## RÁITEAS MISIN

An dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí a dhéanamh le haghaidh athchóiriú an dlí, agus an reachtaíocht reatha a dhéanamh inrochtana do gach duine.

## FORBHREATHNÚ AR AN gCOIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

### Athchóiriú an Dlí

Is é cuspóir an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí athbhreithniú neamhspleách oibiachtúil a dhéanamh ar an dlí agus tograí a dhéanamh maidir lena athchóiriú. Déanaimid tograí chun dlí na hÉireann a athchóiriú agus a fhreacnairciú agus chun é a dhéanamh:

- níos so-rochtana
- níos sothuigthe agus
- níos comhleanúnaí.

Forbraítear na tograí uainn i bpróiseas a thosaíonn le Páipéar Comhairliúcháin. Sna Páipéir Chomhairliúcháin uainn, scrúdaítear an dlí agus leagtar amach ceisteanna faoi athruithe féideartha ar an dlí. A luaithe a fhoilsítear Páipéar Comhairliúcháin, iarraimid aighneachtaí ar athruithe féideartha ar an dlí. Téimid i ndáil chomhairle go forleathan, breithnímid na haighneachtaí arna bhfáil againn agus foilsímid tuarascáil ansin ina leagtar amach anailís agus moltaí an Choimisiúin.

Tháinig athruithe i ndlí na hÉireann as an-chuid de na tograí ón gCoimisiún. Is

féidir leat na foilseacháin uile uainn a léamh ar www.lawreform.ie.

### Rochtain ar Reachtaíocht

Déanaimid reachtaíocht níos inrochtana don phobal. Déanaimid é sin trí thrí acmhainn a thairiscint:

An t**Eolaire Reachtaíochta**, ar eolaire ar líne é a chuimsíonn leasuithe ar reachtaíocht phríomha agus ar reachtaíocht thánaisteach agus faisnéis thábhachtach ghaolmhar.

**Achtanna Athbhreithnithe**, áit a dtugtar na leasuithe agus na hathruithe uile ar Acht ar leith le chéile ina dtéacs aonair is féidir leat a chuardach ar líne. Áirítear iad seo a leanas leo sin:

- Na hAchtanna uile a achtaíodh ón mbliain 2004 ar aghaidh agus a ndearnadh leasuithe ar a dtéacs (seachas Achtanna Airgeadais agus seachas an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, atá á ullmhú faoi láthair).
- Líon mór Achtanna Athbhreithnithe roghnaithe a achtaíodh roimh an mbliain 2004.

An **Liosta Aicmithe**, ar bunachar sonraí ar líne é a chuimsíonn na hAchtanna uile den Oireachtas atá fós i bhfeidhm, agus iad eagraithe ina 36 cinn de cheannteidil nó de theidil ábharbhunaithe. A bhuí leis an Liosta Aicmithe, tá sé níos éasca reachtaíocht a bhaineann le hábhar ar leith a aimsiú. Is é an t-aon acmhainn amháin den sórt sin atá ar fáil go poiblí.

Ina theannta sin, tá an fhoireann um Rochtain ar Reachtaíocht ag obair ar an g**Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil**. Athbhreithnítear leis an gclár sin seanreachtaíocht chun a chinneadh cén reachtaíocht ba cheart a choinneáil agus cén reachtaíocht ba cheart a bhaint den Leabhar Reachtanna. Is é atá i gceist leis an gcéim reatha den chlár tacú le Bille um Athchóiriú an Dlí

Reachtúil a achtú lena bpléitear le reachtaíocht thánaisteach ón tréimhse 1821 go 1860 ar dtús agus ansin athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht thánaisteach ón tréimhse 1861 go 1922. Seachas cairteacha agus paitinní, is é seo an chéim dheiridh den chlár i ndáil leis an reachtaíocht réamh-Neamhspleáchais. Soiléireofar leis an gclár an dlí atá ann cheana trína shainaithint cén reachtaíocht thánaisteach ón tréimhse sin atá fós i bhfeidhm agus trína shainaithint cén reachtaíocht ba cheart a choinneáil agus a chúlghairm. Ina dhiaidh sin, seolfar comhairliúchán poiblí agus ullmhófar Bille eile um Athchóiriú an Dlí Reachtúil.

## Is leis an dlí a fhoráiltear don sainordú atá againn

Bunaíodh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, chun an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Leanfaidh an Coimisiún lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil cost-éifeachtúil, agus sársheirbhís á soláthar aige don phobal an tráth céanna. Ní éireoidh linn mura n-oibrímid go héifeachtach le daoine eile, idir dhaoine laistigh den tseirbhís phoiblí agus dhaoine lasmuigh di. Chuige sin, déanaimid athbhreithniú agus oiriúnú gníomhach ar ár bpróiseas comhairliúcháin ionas gur féidir linn leas a bhaint as raon leathan smaointe agus anailíse.

Déanfar faireachán agus athbhreithniú cúramach ar an dul chun cinn i dtreo na Príomhchuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus sainaithint ar threochtaí agus forbairtí ginearálta inmheánacha agus seachtracha a bhaineann lena chuid oibre agus déanfaidh sé oiriúnú agus nuashonrú ar a chur chuige, de réir mar is gá, ar fud thréimhse feidhme an Ráitis Straitéise.

Nuair a bhí an straitéis seo á dearadh aige, agus nuair a bheidh an straitéis seo á cur chun feidhme aige amach anseo, thug, agus tabharfaidh, an Coimisiún aird ar fhorbairtí ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, go háirithe creat Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030, mar atá léirithe faoi láthair i bPlean Gníomhaíochta Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2024.

An díriú a leagtar sa Phlean Gníomhaíochta ar Thús Áite don Teicneolaíocht Dhigiteach, ar an Nuálaíocht, ar Eagrú Fórsa Saothair agus ar bheartas fianaisebhunaithe, tá sé ag teacht le sainordú reachtúil agus straitéis an Choimisiúin.

### Luachanna

Agus ár ról á chur i gcrích againn, cuirimid béim ar leith ar roinnt príomhluachanna:

- Ionracas: féachaimid le barr feabhais, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht a chinntiú inár gcuid taighde trí chloí leis na caighdeáin eiticiúla is airde agus trí ghníomhú le macántacht agus le hionracas.

- Comhoibriú: trí theagmháil agus trí chomhairliúchán, oibrímid leo sin a úsáideann an dlí agus a bhfuil tionchar ag an dlí orthu, lena n-áirítear daoine den phobal, an tsochaí shibhialta, an lucht léinn agus an lucht dlí, agus bailímid léargais agus cinntímid go gcuirtear na dearcthaí uile san áireamh inár gcuid taighde.

- Trédhearcacht: táimid tiomanta do thrédhearcacht a chothú inár gcuid próiseas, cinnteoireachta agus cumarsáide chun cabhrú le hiontaoibh a chothú i measc ár ngeallsealbhóirí agus na mórshochaí.

- Díriú ar an gCustaiméir: féachaimid le seirbhís inrochtana, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar dár n-úsáideoirí deiridh i gcás ár gcuid oibre um Athchóiriú an Dlí agus um Rochtain ar Reachtaíocht araon agus le leasanna na n-úsáideoirí sin a choinneáil i gcroílár ár gcuid oibre.

- Cothroime: cinnteoimid go gcuirfear cearta an duine agus comhionannas chun cinn san obair a dhéanaimid.

## Caidreamh

Coinníonn an Coimisiún caidreamh tábhachtach ar bun le raon daoine aonair agus eagraíochtaí seachtracha.

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht ar leith a bhaineann lena chaidreamh leis an Ard-Aighne agus le hOifig an Ard-Aighne. Faoi alt 4(2) den *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, féadfaidh an tArd-Aighne iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a ghabháil de láimh agus taighde a sheoladh maidir le réimsí ar leith den dlí (i dteannta na dtionscadal atá inár gCláir um Athchóiriú an Dlí). Ní mór don Choimisiún na réimsí sin a scrúdú ansin. I gcás go ndéanfar iarrataí den sórt sin, oiriúnóidh an Coimisiún a chlár oibre chun aird a thabhairt ar na hacmhainní a theastóidh chun a oibleagáidí i leith an Ard-Aighne a chomhlíonadh.

Is é Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne an t-oifigeach cuntasaíochta don Choimisiún.

Is ar Choiste Comhairleach, atá faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne, atá freagrachtaí sannta i ndáil le hathchóiriú an dlí freisin. Áirítear leo sin cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne i leith gnéithe sonracha d'athchóiriú an dlí, go háirithe idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún ar dhréacht-Chlár um Athchóiriú an Dlí. Cuimsíonn an Coiste ionadaithe ó Oifig an Ard-Aighne, ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, ó gach Roinn Rialtais, ó Chomhairle an Bharra agus ón Dlí-Chumann.

Coinníonn an Coimisiún teagmháil leanúnach ar bun leis an Roinn Dlí agus Cirt. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin, toisc go n-imríonn an Roinn ról tábhachtach maidir le tacú le hobair an Choimisiúin, idir obair ghinearálta agus obair a bhaineann le cur chun feidhme a dhéanamh ar chuid mhór de na moltaí ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú an dlí.

I gcomhar le geallsealbhóirí eile, leanfaidh an Coimisiún le rannchuidiú le hacmhainní reachtacha ar líne a fhorbairt, lena n-áirítear cur chun feidhme a dhéanamh ar na tograí atá sa *Tuarascáil ar Inrochtaineacht na Reachtaíochta sa Ré Dhigiteach* (LRC 125-2020) ón gCoimisiún.

Daoine de na breithiúna, aturnaetha agus abhcóidí cleachtacha, dlíodóirí acadúla, ionadaithe Rannacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí agus gníomhaireachtaí reachtúla eile, saineolaithe i réimsí iomchuí éagsúla nach réimsí dlí iad, ionadaithe do ghrúpaí leasmhara, agus daoine den phobal, soláthraíonn siad go léir saineolas seachtrach agus oibríonn siad go léir i gcomhar linn, rud a théann chun mórthairbhe don Choimisiún.

Láithríonn an Coimisiún os comhair Coistí Oireachtais ó am go ham chun a chuid oibre a phlé freisin, go háirithe an Coiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas.

Glacann an Coimisiún páirt i ndíospóireachtaí agus cruinnithe comhroinnte faisnéise agus dea-chleachtais le gníomhaireachtaí eile um athchóiriú an dlí i ndlínsí comharsanacha agus níos faide i gcéin, agus coinníonn sé caidreamh oibre ar bun leo.

## Acmhainní

Tá an Coimisiún tiomanta do na hacmhainní a fhaigheann sé a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí chun a chinntiú go mbainfear a chuspóirí amach. Go háirithe, leanann an Coimisiún le hiarracht a dhéanamh seirbhísí comhroinnte a úsáid nuair is féidir. Cuireann an Coimisiún an dea-chleachtas i mbeartais acmhainní daonna agus i mbainistíocht airgeadais i bhfeidhm freisin, agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ár ráitis airgeadais gach bliain.

Baintear leas as Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide nuair is féidir chun feabhas a chur ar fheidhmíocht agus chun seirbhís a bhíonn ar ardchaighdeán i gcónaí a sholáthar go barainneach. Ar mhaithe le hobair chumaisc a éascú, d'uasghrádaigh an Coimisiún na córais TFC a bhí i bhfeidhm aige cheana agus d'ascain sé chuig bogearraí Office 365 agus chuig SharePoint le haghaidh bainistíocht taifead leictreonach. Leanann an Coimisiún le húsáid mhéadaitheach a bhaint as an ríomhfhoilsitheoireacht ar a shuíomh Gréasáin chun an costas aschuir a bhaineann le tuarascálacha clóite a tháirgeadh a laghdú agus chun a chinntiú gur féidir leis an oiread daoine agus is féidir teacht ar na foilseacháin uaidh. Toradh eile a bhíonn ar an ríomhfhoilsitheoireacht is ea go laghdaítear an tionchar a imríonn clóbhualadh páipéar comhairliúcháin agus tuarascálacha ar an gcomhshaol.

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le haschuir ar ardchaighdeán a sholáthar agus lena léiriú cé chomh hiomchuí agus tábhachtach agus atá sé an dlí a choinneáil cothrom le dáta, inrochtana agus cruinn, lena n-áirítear trína chuid oibre um Rochtain ar Reachtaíocht, a fhoilsítear ar líne amháin agus de réir an bheartais Teicneolaíochta Rialtais agus an bheartais um "thús áite don teicneolaíocht dhigiteach".

Baineann an Coimisiún úsáid as ardáin meán sóisialta, lena n-áirítear LinkedIn agus X, mar uirlis chun feasacht an phobail a mhéadú ar ár gcuid oibre agus chun dul i dteagmháil lenár ngeallsealbhóirí sa tírdhreach digiteach, agus é mar aidhm againn cur leis an eolas ar ár gcuid taighde agus leis an tuiscint ar ár ról.

## Rannchuidiú agus Forbairt Foirne

Is iad baill foirne an Choimisiúin an phríomhshócmhainn atá aige. Gnéithe de chur chuige an Choimisiúin i leith ról a thabhairt dá bhaill foirne agus i leith iad a fhorbairt is ea línte soiléire oscailte cumarsáide a choinneáil ar bun, róil agus freagrachtaí a shainiú, agus cur chuige foireannbhunaithe a ghlacadh. Tá an Coimisiún tiomanta do dheiseanna a thabhairt dá bhaill foirne go léir barr a gcumais a bhaint amach trí oiliúint agus forbairt agus d'fheidhmíocht a fheabhsú tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta.

## Coimisinéirí

Tá freagracht chomhchoiteann ar an gcúigear comhaltaí den Choimisiún as rath an Choimisiúin a chur chun cinn trína chuid gníomhaíochtaí a threorú agus a stiúradh. Tugann siad treo straitéiseach don Choimisiún agus déanann siad faireachán ar ghníomhaíochtaí agus éifeachtacht an lucht bainistíochta.

Ainmnítear Coimisinéir mar chomhordaitheoir do gach tionscadal um athchóiriú an dlí. Tairgeann an Coimisinéir sin treoir straitéiseach ar an tionscadal, stiúrann sé/sí an fhoireann taighde le linn di páipéir a fhorbairt agus a ullmhú lena mbreithniú ag an gCoimisiún, agus cinntíonn sé/sí go ndéantar dul chun cinn ar an tionscadal.

## PRÍOMHCHUSPÓIRÍ

Sainaithníodh cúig phríomhchuspóir ar bhonn na hanailíse atá sa ráiteas seo, agus léirítear leo an tiomantas atá ag an gCoimisiún do dhea-thorthaí a bhaint amach sa tréimhse 2024-2026. Is achoimrithe sa rannán deiridh den Ráiteas Straitéise seo atá socruithe faireacháin, atá ceaptha chun a chinntiú go mbíonn ár spriocanna á mbaint amach.

## PRÍOMHCHUSPÓIR 1

***ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ***

An dlí a bhreithniú agus taighde a sheoladh d'fhonn dlí na hÉireann a fhorbairt, a shimpliú, a fhreacnairciú agus a chódú.

***Toradh***

Foilseacháin shaineolacha atá bunaithe ar thaighde críochnúil, ina bhfuil tograí le haghaidh athchóiriú an dlí, atá ar fáil i riocht foilsithe agus lena rannchuidítear le forbairt a dhéanamh ar dhlíthe atá freagrúil do na riachtanais atá ag an tsochaí in Éirinn i láthair na huaire agus do na riachtanais a mheastar a bheidh ag an tsochaí in Éirinn amach anseo.

***Táscairí Feidhmíochta***

Moltaí a dhéanamh maidir le hathchóiriú an dlí i dtuarascálacha foilsithe ar na tionscadail atá fágtha sa *Cheathrú Clár um Athchóiriú an Dlí* agus *sa Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí* agus maidir le hiarrataí ón Ard-Aighne réimsí sonracha den dlí a scrúdú.

***Straitéis***

1. Ról, feidhm agus modheolaíocht an Choimisiúin a athbhreithniú, agus aird á tabhairt ar na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil ar mhaithe leis an gcur chuige is dírithe agus is éifeachtúla is féidir a ghlacadh.

2. Aird a thabhairt ar na moltaí atá sa Tuarascáil Rialachais a d'fhoilsigh an Foras Riaracháin ar an gCoimisiún sa bhliain 2023.

3. An rochtain atá ag an gCoimisiún ar shaineolas dlí a leathnú trí obair a shocrú ó acadóirí agus cleachtóirí comhairleacha saineolacha.

4. Páipéir Chomhairliúcháin atá ceadaithe ag an gCoimisiún a fhoilsiú le haghaidh comhairliúchán poiblí.

5. Tuarascálacha atá ceadaithe ag an gCoimisiún agus ina bhfuil moltaí deiridh maidir le hathchóiriú an dlí agus, nuair is gá, dréacht-Bhille agus dréacht-Scéim de Bhille a fhoilsiú.

6. Ullmhúcháin a dhéanamh don Séú Clár nua um Athchóiriú an Dlí de réir mar a thagann an Cúigiú Clár chun deiridh.

7. Cur ar chumas na gCoimisinéirí páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscadail aonair mar chomhordaitheoirí, de réir mar a chinnfidh an Coimisiún.

8. Comhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn in obair an Choimisiúin i réimse athchóiriú an dlí.

9. Úsáideoir deiridh na reachtaíochta beartaithe a chur i gcroílár na dtograí ón gCoimisiún le haghaidh athchóiriú an dlí.

***NÓTA***

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an gCoimisinéir Lánaimseartha as an bPríomhchuspóir seo a chomhlíonadh.

## PRÍOMHCHUSPÓIR 2

### *TAIGHDE DLÍ*

Tacú leis an gCoimisiún trí thaighde dlí atá neamhchlaon, oibiachtúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar.

### *Toradh*

Páipéir shaineolacha thaighde atá bunaithe ar thaighde críochnúil agus ina bhfuil anailís ar threochtaí agus forbairtí dlí a bhaineann le clár oibre an Choimisiúin.

### *Táscairí Feidhmíochta*

1. Próisis agus nósanna imeachta éifeachtacha taighde a choinneáil ar bun.

2. Páipéir thaighde ar ardchaighdeán a tháirgeadh agus a chur isteach lena bplé agus lena n-athbhreithniú ag an gCoimisiún.

### *Straitéis*

1. Acmhainní taighde a shannadh agus a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil sa Choimisiún.

2. Páipéir thaighde a fhorbairt lena mbreithniú ag an gCoimisiún.

3. Croífhoireann taighdeoirí ardoilte buana dlí a fhorbairt, ionas go mbeidh an Coimisiún ina ionad aitheanta saineolais agus barr feabhais taighde agus ionas go ndéanfar an chuimhne institiúideach sin a choinneáil agus a chosaint.

4. Faireachán a dhéanamh ar a bhfuil i dtaighde dlí (lena n-áirítear anailís ar an dlí reatha agus ar an dlí iomchuí comparáideach agus idirnáisiúnta) agus ar úsáid éifeachtach foinsí faisnéise dlí.

5. Gabháil do phróisis chríochnúla oiriúnacha chomhairliúcháin phoiblí, agus torthaí na bpróiseas sin a athbhreithniú.

6. Dréachtfhoilseacháin, amhail Páipéir Chomhairliúcháin, Plépháipéir agus Tuarascálacha, a fhorbairt faoi threoir an Choimisiúin.

7. Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a éifeachtúla atá an próiseas taighde dlí.

8. Trí sheirbhísí a shocrú agus trí obair i gcomhar le hollscoileanna, saineolas iomchuí a rochtain ar shaincheisteanna dlí agus beartais de réir mar a thagann siad chun cinn in obair an Choimisiúin.

9. Caidreamh a choinneáil ar bun le comhlachtaí eile um athchóiriú an dlí, chun bonn eolais a chur faoi anailís chomparáideach agus chun cur leis an tuiscint ar na modhanna beartais atá ar bun i ndlínsí eile.

## PRÍOMHCHUSPÓIR 2

***NÓTA***

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an Stiúrthóir Taighde as an bPríomhchuspóir seo a chomhlíonadh.

## PRÍOMHCHUSPÓIR 3

### *ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT*

Faisnéis thráthúil a chur ar fáil ar líne faoi staid reatha na reachtaíochta ar fad atá i bhfeidhm; tuilleadh comhdhlúthuithe riaracháin ar Achtanna a chur ar fáil ar líne ina staid reatha, mar atá leasaithe (Achtanna Athbhreithnithe); agus leanúint le hobair an Chláir um Athchóiriú an Dlí Reachtúil.

### *Toradh*

Innéacsanna inchuardaithe ar líne de na leasuithe ar an reachtaíocht ar fad agus faisnéis ghaolmhar (a chuimsíonn an tEolaire Reachtaíochta den reachtaíocht phríomha agus den reachtaíocht thánaisteach agus an Liosta Aicmithe den Reachtaíocht atá i bhFeidhm in Éirinn) a sholáthar chun cabhrú le staid reatha na reachtaíochta leasaithe ar fad a chinneadh; an líon Achtanna Athbhreithnithe (an téacs iomlán d'Achtanna, mar atá leasaithe) a mhéadú go 500 ceann; agus leanúint d'obair an Chláir um Athchóiriú an Dlí Reachtúil.

### *Táscairí Feidhmíochta*

1. An tEolaire Reachtaíochta a tháirgeadh agus a chothabháil lena fhoilsiú ar Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann.

2. An tEolaire Reachtaíochta a fhorbairt chun stádas tosach feidhme forálacha leasaitheacha a léiriú agus, ar an tslí sin, aghaidh a thabhairt ar shaincheist agus gaiste inrochtaineachta d'úsáideoirí, agus an tEolaire Reachtaíochta agus an Liosta Aicmithe a chomhtháthú tuilleadh chun nuashonruithe comhordaithe a éascú agus chun feabhas a chur ar rochtain úsáideoirí.

3. Líon méadaitheach Achtanna Athbhreithnithe a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, agus iad nasctha ó Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann, agus Achtanna Athbhreithnithe a chur i láthair ar bhealach níos fearr.

4. Liosta Aicmithe inchuardaithe ar líne den Reachtaíocht atá i bhFeidhm a chothabháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

5. Caighdeáin dearbhú cáilíochta a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm i leith an Eolaire Reachtaíochta, na nAchtanna Athbhreithnithe agus an Liosta Aicmithe den Reachtaíocht atá i bhFeidhm.

6. Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo obair an Chláir um Athchóiriú an Dlí Reachtúil maidir le hionstraimí tánaisteacha réamh-1922 ón tréimhse 1861 go 1922 a chur i gcrích agus comhairliúchán ar Scéim de Bhille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (Ionstraimí Tánaisteacha Réamh-1922) a fhoilsiú ar líne.

### *Straitéis*

1. An reachtaíocht a achtaíodh nó a rinneadh a scrúdú chun na forálacha leasaitheacha uile a shainaithint.

2. Nuashonruithe a dhéanamh go minic ar an Eolaire Reachtaíochta, a chuimsíonn liosta iomlán de na leasuithe uile a rinneadh le déanaí, mar aon le faisnéis tosach feidhme, reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar agus faisnéis eile, lena bhfoilsiú ar Ríomhleabhar Reachtanna na

hÉireann.

3. Faisnéis tosach feidhme i ndáil le reachtaíocht leasaitheach a thaispeáint san Eolaire Reachtaíochta. Is é an toradh a bheith ar an bhfaisnéis sin a thaispeáint faisnéis iontaofa tosach feidhme i ndáil le leasuithe a chur ar fáil d'Achtanna a théann siar go dtí an bhliain 2001.

4. Bunachair sonraí an Eolaire Reachtaíochta agus an Liosta Aicmithe a chomhtháthú le chéile ar mhaithe le nuashonruithe a chomhordú, agus an cuspóir fadtéarmach ann na bunachair sonraí a chumasc, ionas go mbeidh an tEolaire Reachtaíochta agus an Liosta Aicmithe ina ngnéithe difriúla den aon bhunachar sonraí amháin.

5. Na 480 Acht Athbhreithnithe (comhdhlúthuithe riaracháin) atá ann cheana (Samhain 2023) a mhéadú go 500 ceann, lena n-áirítear na hAchtanna uile iar-2000 a ndearnadh leasuithe ar a dtéacs (seachas Achtanna Airgeadais), a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, agus gach Acht Athbhreithnithe nasctha ó Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann.

6. Cur i láthair Achtanna Athbhreithnithe a athdhearadh chun iad a dhéanamh níos inúsáidte, níos inrochtana agus níos tarraingtí.

7. Achtanna Athbhreithnithe breise a ullmhú mar fhreagairt d'iarrataí ó Ranna Rialtais agus ó úsáideoirí eile agus obair i dtreo tacar iomlán d'Achtanna Athbhreithnithe ón mbliain 2000 ar aghaidh a ndearnadh leasuithe ar a dtéacs (tá an obair ar na hAchtanna suas go dtí an bhliain 2004 curtha i gcrích faoi láthair).

8. Leanúint le nuashonruithe a dhéanamh ar an Liosta Aicmithe Reachtaíochta lena bhfoilsiú i bhformáid html, agus hipearnaisc ann chuig Achtanna Athbhreithnithe agus chuig Achtanna mar atá achtaithe, ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, agus naisc ann ó Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann.

9. Leanúint le córas láidir éifeachtach a chur chun feidhme chun cruinneas an ábhair a tháirgtear lena fhoilsiú a shuí agus a chinntiú.

10. Na hacmhainní is fearr atá ar fáil ó thaobh teicneolaíochta faisnéise de a úsáid chun tacú leis an obair, lena n-áirítear coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí iomchuí sa réimse TF.

11. Caidreamh a choinneáil ar bun le heagraíochtaí eile a oibríonn sa réimse chun coinneáil ar an eolas faoi aon fhorbairtí sa dea-chleachtas sa réimse.

12. Caidreamh a choinneáil ar bun le Ranna Rialtais agus le geallsealbhóirí eile chun leanúint le feabhas a chur ar cháilíocht na n-aschur uainn agus ar a iomchuí atá na haschuir sin.

13. Leanúint le páirt a ghlacadh i dtionscnaimh iomchuí Rialtais a bhaineann le Ríomhreachtaíocht agus le hInrochtaineacht na Reachtaíochta, agus ábhar a sholáthar lena fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

***NÓTA***

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an mBainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht as an

bPríomhchuspóir seo a chomhlíonadh.

## PRÍOMHCHUSPÓIR 4

### *RIARACHÁN*

Seirbhísí corparáideacha riaracháin agus gnó atá éifeachtach, nua-aimseartha agus gairmiúil a sholáthar don Choimisiún chun tacú leis an gCoimisiún na cuspóirí atá aige a chomhlíonadh.

### *Toradh*

Timpeallacht dhearfach oibre ina dtacaíonn an fhoireann Dlí agus Seirbhísí Corparáideacha agus an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise le hobair dlí an Choimisiúin trí shársheirbhísí tacaíochta corparáidí gnó a sholáthar, lena n-áirítear na seirbhísí seo a leanas:

- bainistíocht acmhainní daonna,
- bainistíocht airgeadais,
- tacaíocht dlí agus chorparáideach,
- teicneolaíocht na faisnéise, agus
- seirbhísí leabharlainne agus faisnéise.

### *Táscairí Feidhmíochta*

1. Baill foirne, seirbhísí agus córais a bheith ag obair le chéile chun ráiteas misin an Choimisiúin a chomhlíonadh.

2. Caiteachas ar nithe neamhphá a bheith fós laistigh de na teorainneacha buiséadacha arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3. Baill foirne a earcú agus a roghnú agus an méid sin a dhéanamh laistigh den bhuiséad pá arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an Coimisiún a bheith ag leanúint nósanna imeachta cuí laistigh de chritéir ár gceadúnais earcaíochta.

4. Acmhainní leabharlainne agus faisnéise dlí a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh den bhuiséad bliantúil arna leithdháileadh chun mol eolais a chruthú lena ngníomhaítear mar acmhainn luachmhar do thaighde dlí an Choimisiúin agus lena dtairgtear bailiúchán éagsúil d'acmhainní, rochtain dhigiteach agus tacaíocht phearsantaithe.

### *Straitéis*

1. Saoráidí sásúla cóiríochta oifige a chothabháil, agus socruithe á gcoinneáil faoi athbhreithniú tráthrialta.

2. Seirbhís chléireachais agus tacaíochta dlí ar ardchaighdeán a sholáthar don Choimisiún.

3. Úsáid bharrmhaith acmhainní daonna a chinntiú trí chur chun feidhme a dhéanamh ar an dea-chleachtas i mbainistíocht nua-aimseartha acmhainní daonna.

4. Sárbhainistíocht acmhainní faisnéise dlí a chinntiú, oiliúint agus tacaíocht a sholáthar do bhaill foirne taighde agus a gcuid oibre a chumhachtú, agus a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní sin.

5. Oibriú leanúnach éifeachtach chórais bhainistíochta airgeadais an Choimisiúin agus cur chun feidhme leanúnach an Chóid Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a chinntiú.

6. Bonneagar TF an Choimisiúin a choinneáil faoi athbhreithniú, agus a chinntiú go leanann an Coimisiún le bunchloch láidir a sholáthar le haghaidh seirbhísí TF a sholáthar faoin mbeartas Teicneolaíochta Rialtais.

7. Tionscnaimh um athchóiriú na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí a chur chun feidhme.

8. Aird a thabhairt ar na moltaí atá sa Tuarascáil Rialachais a d'fhoilsigh an Foras Riaracháin ar an gCoimisiún sa bhliain 2023.

***NÓTA***

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an gCeann Riaracháin as na gnéithe riaracháin den phríomhchuspóir seo a chomhlíonadh.

Tá freagracht ar an mBainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise Dlí as na gnéithe leabharlainne agus faisnéise dlí den chuspóir seo a chomhlíonadh.

## PRÍOMHCHUSPÓIR 5

### *CUMARSÁID AGUS FOR-ROCHTAIN*

Caidreamh comhoibríoch a chothú agus dul i mbun tuilleadh for-rochtana leis an lucht dlí agus leis an bpobal i gcoitinne agus, ar an tslí sin, infheictheacht agus tionchar obair an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a mhéadú.

### *Toradh*

Tuilleadh trédhearcachta agus infheictheachta ar obair an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí agus teagmháil mhéadaithe le geallsealbhóirí, leis an lucht dlí agus leis an tsochaí i gcoitinne.

### *Táscairí Feidhmíochta*

1. Teagmháil fheabhsaithe le geallsealbhóirí agus leis an bpobal.
2. Feasacht mhéadaithe as a dtiocfaidh tuiscint níos fearr ar thionchar an Choimisiúin.
3. Líon méadaithe comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe le heagraíochtaí eile.

### *Straitéis*

1. Caidreamh comhoibríoch a chothú le coimisiúin eile um athchóiriú an dlí.
2. Cumarsáid thráthrialta a bhunú agus a choinneáil ar bun le príomh-gheallsealbhóirí a phléann le tionscadail an Choimisiúin ar mhaithe le caidreamh láidir a fhorbairt.
3. Leas a bhaint as an acmhainneacht atá ag cainéil meán sóisialta an Choimisiúin cur le feasacht an phobail ar ár gcuid oibre.
4. Leanúint leis an tiomantas atá againn don scéim Intéirneachta Rochtana agus aon deiseanna den chineál céanna a thapú.
5. Pleanáil go straitéiseach do chomóradh 50 bliain bhunú an Choimisiúin sa bhliain 2025 agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chur chun cinn go héifeachtach.
6. Faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann an Rialtas na moltaí ón gCoimisiún chun feidhme agus an obair sin a chur chun cinn.

### *NÓTA*

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an gCoimisinéir Lánaimseartha as an bPríomhchuspóir seo a chomhlíonadh.

## SOCRUITHE FAIREACHÁIN

Beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas le linn thréimhse feidhme an Ráitis Straitéise seo:

- Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus athbhreithniú córasach ar a dhul chun cinn i dtreo a Phríomhchuspóirí agus na torthaí agus na straitéisí gaolmhara a bhaint amach. Leagadh amach príomhtháscairí feidhmíochta ar ina n-aghaidh a dhéanfar measúnú ar fheidhmíocht an Choimisiúin thar an tréimhse.

- Déanfaidh an Coiste Bainistíochta (a chuimsíonn an Coimisinéir lánaimseartha, an Ceann Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise Dlí, na Leas-Stiúrthóirí Taighde, an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht, agus na Leas-Bhainisteoirí um Rochtain ar Reachtaíocht) athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh ar na gnéithe éagsúla den ráiteas straitéise seo a chur chun feidhme, agus ar na Príomhchuspóirí a chomhlíonadh, ar bhonn ráithiúil.

- Tabharfaidh an Coiste Bainistíochta tuairisc don Choimisiún go tréimhsiúil ar dhul chun cinn agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon fhadhbanna, bagairtí nó deiseanna móra a thiocfaidh chun cinn.

- Roimh dheireadh gach bliana, agus i gcomhairle leis an gCoiste Bainistíochta, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Ráiteas seo chun aon athruithe a bheidh ag teastáil don bhliain dár gcionn a bhreithniú. Ar an tslí sin, cuirfear ar chumas an Choimisiúin freagairt ar bhealach solúbtha d'athruithe sa timpeallacht oibriúcháin.

- Sa Tuarascáil Bhliantúil reachtúil ón gCoimisiún, tabharfar tuairisc ar dhul chun cinn i dtreo na Príomhchuspóirí a bhaint amach agus ar thorthaí.